GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019 **www.cnocnare.net** Uimhir Rolla: 20044 I **scoil@cnocnare.net**

RÁITEAS MAIDIR LE CUMHDACH LEANAÍ

Is bunscoil í **GAELSCOIL CHNOC NA RÉ** a chuireann oideachas bunscoile ar fáil do dhaltaí ó Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a 6.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*, agus Treoir Thusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord Bainistíochta **GAELSCOIL CHNOC NA RÉ** leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

1 Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* na Roinne agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

2 An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea **MÍCHEÁL Ó BROIN**

3 An Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Tánaisteach (DIAT) is ea **LIZ NIC SEARRAIGH**

4 Admhálann an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

5 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus leis na nósanna imeachta ábhartha araíonachta do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.

- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an scoil le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan

maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus earcaíocht agus atá arna bhfoilsiú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín na ROE.

- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an scoil na nithe seo a leanas -

  - Cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann
  - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
  - Lucht foirne a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Comhaltaí den Bhord Bainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Coimeádann an Bord Bainistíochta taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Bhord

- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.

- Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do leanbh a bheadh ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí shuíomh idirlín na scoile, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an scoil ar fáil iad ach iad a iarraidh.

Nóta: Níl sé i gceist go mbeadh an liosta thuas ina liosta uileghabhálach. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa rannán seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil i gceist.

6 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fail do Thusla agus don Roinn ach ceann a iarraidh.

7 Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar **21 Deire Fómhair 2020.**

Sínithe:_____ Sínithe: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

Dáta: 21/10/2020 Dáta: 21/10/2020

GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019 **www.cnocnare.net** Uimhir Rolla: 20044 I **scoil@cnocnare.net**

CHILD SAFEGUARDING STATEMENT

GAELSCOIL CHNOC NA RÉ is a primary school providing primary education to pupils from Junior Infants to Sixth Class.

In accordance with the requirements of the Children First Act 2015, Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017, the Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017 and Tusla Guidance on the preparation of Child Safeguarding Statements, the Board of Management of **GAELSCOIL CHNOC NA RÉ** has agreed the Child Safeguarding Statement set out in this document.

1. The Board of Management has adopted and will implement fully and without modification the Department's Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017 as part of this overall Child Safeguarding Statement.

2. The Designated Liaison Person (DLP) is **MÍCHEÁL Ó BROIN**

3. The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP is **LIZ NIC SEARRAIGH**

4. The Board of Management recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities In its policies, procedures, practices and activities, the school will adhere to the following principles of best practice in child protection and welfare:

The school will:

- recognise that the protection and welfare of children is of paramount importance, regardless of all other considerations;
- fully comply with its statutory obligations under the Children First Act 2015 and other relevant legislation relating to the protection and welfare of children;
- fully co-operate with the relevant statutory authorities in relation to child protection and welfare matters
- adopt safe practices to minimise the possibility of harm or accidents happening to children and protect workers from the necessity to take unnecessary risks that may leave themselves open to accusations of abuse or neglect;
- develop a practice of openness with parents and encourage parental involvement in the education of their children; and
- fully respect confidentiality requirements in dealing with child protection matters.

The school will also adhere to the above principles in relation to any adult pupil with a special vulnerability.

5. The following procedures/measures are in place:
   - In relation to any member of staff who is the subject of any investigation (howsoever described) in respect of any act, omission or circumstance in respect of a child attending the school, the school adheres to the relevant procedures set out in Chapter 7 of the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017 and to the relevant agreed disciplinary procedures for school staff which are published on the DES website.

   - In relation to the selection or recruitment of staff and their suitability to work with children, the school adheres to the statutory vetting requirements of the National Vetting Bureau (Children and Vulnerable Persons) Acts 2012 to 2016 and to the wider duty of care guidance set out in relevant

Garda vetting and recruitment circulars published by the DES and available on the DES website.

- In relation to the provision of information and, where necessary, instruction and training, to staff in respect of the identification of the occurrence of harm (as defined in the 2015 Act) the school-

  - Has provided each member of staff with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Ensures all new staff are provided with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Encourages staff to avail of relevant training
  - Encourages Board of Management members to avail of relevant training
  - The Board of Management maintains records of all staff and Board member training

- In relation to reporting of child protection concerns to Tusla, all school personnel are required to adhere to the procedures set out in the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools 2017, including in the case of registered teachers, those in relation to mandated reporting under the Children First Act 2015.
- In this school the Board has appointed the abovenamed DLP as the "relevant person" (as defined in the Children First Act 2015) to be the first point of contact in respect of the child safeguarding statement.
- All registered teachers employed by the school are mandated persons under the Children First Act 2015.
- In accordance with the Children First Act 2015, the Board has carried out an assessment of any potential for harm to a child while attending the school or participating in school activities. A written assessment setting out the areas of risk identified and the school's procedures for managing those risks is attached as an appendix to this statement.
- The various procedures referred to in this Statement can be accessed via the school's website, the DES website or will be made available on request by the school.

Note: The above is not intended as an exhaustive list. Individual Boards of Management shall also include in this section such other procedures/measures that are of relevance to the school in question.

6. This statement has been published on the school's website and has been provided to all members of school personnel, the Parents' Association (if any) and the patron. It is readily accessible to parents and guardians on request. A copy of this Statement will be made available to Tusla and the Department if requested.

7. This Child Safeguarding Statement will be reviewed annually or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this statement refers.

This Child Safeguarding Statement was reviewed and adopted by the Board of Management on **October 21, 2020.**

Sínithe:

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: 21/10/2020

Sínithe: 

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

Dáta: 21/10/2020